PRÓTACAL UIMH. 1

MAIDIR LE LEASUITHE AR

REACHT AN BHAINC EORPAIGH INFHEISTÍOCHTA

CUID A hAON

LEASUITHE AR REACHT
AN BHAINC EORPAIGH INFHEISTÍOCHTA

AIRTEAGAL 1

Déantar an Prótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a leasú mar a leanas :

– Cuirtear na téacsanna seo a leanas in ionad Airteagail 3, 4 (1) – an chéad fhomhír, 11(2) – na céad, dara agus tríú fomhíreanna , 12(2) agus 13(1) – an chéad fhomhír;

– cuirtear ceathrú fomhír nua isteach i ndiaidh an tríú fomhír d'Airteagal 11(2);

"AIRTEAGAL 3

I gcomhréir le hAirteagal 266 den Chonradh seo, is comhaltaí den Bhanc:

– Ríocht na Beilge,

– Poblacht na Seice,

– íocht na Danmhairge,

– Poblacht Chónaidhme na Gearmáine,

– Poblacht na hEastóine,

– an Phoblacht Heilléanach,

– Ríocht na Spáinne,

– Poblacht na Fraince,

– Éire,

– Poblacht na hIodáile,

– Poblacht na Cipire,

– Poblacht na Laitvia,

– Poblacht na Liotuáine,

– Ard-Diúcacht Lucsamburg,

– Poblacht na hUngáire,

– Poblacht Mhálta,

– Ríocht na hÍsiltíre,

– Poblacht na hOstaire,

– Poblacht na Polainne,

– Poblacht na Portaingéile,

– Poblacht na Slóivéine,

– Poblacht na Slóvaice,

– Poblacht na Fionlainne,

– Ríocht na Sualainne,

– Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann"

AIRTEAGAL 4(1), AN CHÉAD FHOMHÍR

"1. Is é is caipiteal don Bhanc EUR 163 727 670 000, arna shuibscríobh ag na Ballstáit mar a leanas [1]:

| | |
|---|---|
| An Ghearmáin | 26 649 532 500 |
| An Fhrainc | 26 649 532 500 |
| An Iodáil | 26 649 532 500 |
| An Ríocht Aontaithe | 26 649 532 500 |
| An Spáinn | 15 989 719 500 |
| An Bheilg | 7 387 065 000 |
| An Ísiltír | 7 387 065 000 |
| An tSualainn | 4 900 585 500 |
| An Danmhairg | 3 740 283 000 |
| An Ostair | 3 666 973 500 |
| An Pholainn | 3 635 030 500 |
| An Fhionlainn | 2 106 816 000 |
| An Ghréig | 2 003 725 500 |
| An Phortaingéil | 1 291 287 000 |
| Poblacht na Seice | 1 212 590 000 |
| An Ungáir | 1 121 583 000 |
| Éire | 935 070 000 |
| An tSlóvaic | 408 489 500 |

1 Is táscach iad na figiúirí do na Ballstáit nua agus tá siad bunaithe ar réamhaisnéis na sonraí do 2002 arna foilsiú ag Eurostat (New Cronos).

| | |
|---|---|
| An tSlóivéin | 379 429 000 |
| An Liotuáin | 250 852 000 |
| Lucsamburg | 187 015 500 |
| An Chipir | 180 747 000 |
| An Laitvia | 156 192 500 |
| An Eastóin | 115 172 000 |
| Málta | 73 849 000 " |

AIRTEAGAL 11(2), NA CHÉAD, DARA AGUS TRÍÚ FOMHÍREANNA

"2. Sé stiúrthóir is fiche agus sé mhalartach déag a bheidh ar an mBord Stiúrthóirí.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na Stiúrthóirí a cheapadh go ceann cúig bliana, stiúrthóir amháin arna ainmniú ag gach Ballstát, agus stiúrthóir amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na malartaigh a cheapadh go ceann cúig bliana mar a thaispeántar thíos:

– dhá mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine,

– dhá mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht na Fraince,

– dhá mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile,

– dhá mhalartach arna n-ainmniú ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,

– malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Spáinne agus ag Poblacht na Portaingéile,

– malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Beilge, Ard-Diúcacht Lucsamburg agus ag Ríocht na hÍsiltíre,

– malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Danmhairge, ag an bPoblacht Heilléanach agus ag Éirinn,

– malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Poblacht na hOstaire, ag Poblacht na Fionlainne agus ag Ríocht na Sualainne,

– triúr malartach arna n-ainmniú de thoil a chéile ag Poblacht na Seice, Poblacht na hEastóine, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Poblacht na Polainne, Poblacht na Slóivéine agus Poblacht na Slóvaice,

– malartach amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún."

TÁ AIRTEAGAL 11(2), CEATHRÚ FOMHÍR LE CUR ISTEACH

"Comhthoghfaidh an Bord Stiúrthóirí seisear saineolaithe gan ceart vótála: triúr mar chomhaltaí agus triúr mar mhalartaigh."

AIRTEAGAL 12(2)

"2. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Reacht seo, is trí thromlach trian ar a laghad dá chomhaltaí atá i dteideal vótáil agus iad in ionannas le caoga faoin gcéad ar a laghad den chaipiteal suibscríofa a dhéanfaidh an Bord Stiúrthóirí cinntí. Do thromlach cáilithe is gá ocht vóta dhéag ina fhabhar agus seasca a hocht faoin gcéad den chaipiteal suibscríofa . Leagfar síos i rialacha nós imeachta an Bhainc an córam is gá chun gur bailí iad cinntí an Bhord Stiúrthóirí."

AIRTEAGAL 13(1), AN CHÉAD FHOMHÍR

"1. Beidh ar an gCoiste Bainistíochta Uachtarán agus ochtar Leas-Uachtarán arna gceapadh ag an mBord Gobharnóirí go ceann tréimhse sé bliana ar thogra ón mBord Stiúrthóirí. Féadfar na ceapacháin sin a athnuachan."

CUID A DÓ

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

AIRTEAGAL 2

Íocfaidh Ríocht na Spáinne EUR 309 686 775 mar scair den chaipiteal íoctha don mhéadú ina caipiteal suibscríofa. Íocfar an ranníocaíocht sin in ocht dtráthchuid chomhionann a bheidh dlite ar 30/09/2004, 30/09/2005, 30/09/2006, 31/03/2007, 30/09/2007, 31/03/2008, 30/09/2008 agus 31/03/2009 [1].

Ranníocfaidh Ríocht na Spáinne in ocht dtráthchuid chomhionann a bheidh dlite ar na dátaí dá dtagraítear thuas leis na cúlchistí agus na soláthairtí is coibhéiseach le cúlchistí, agus freisin leis an méid atá le leithreasú fós do na cúlchistí agus soláthairtí, a chuimsíonn iarmhéid an chuntais sochair agus dochair, arna mbunú ag deireadh na míosa roimh an aontachas, mar atá iontráilte i gclár comhardaithe an Bhainc, i méideanna a fhreagraíonn do 4,1292% de na cúlchistí agus soláthairtí.

[1] Tá na dátaí sin bunaithe ar an toimhde go mbeidh aontachas na mBallstát nua ann iarbhír dhá mhí roimh 30/09/2004 ar a dhéanaí.

AIRTEAGAL 3

Amhail ó dháta an aontachais, íocfaidh na Ballstáit nua na méideanna seo a leanas a fhreagraíonn dá scair den chaipiteal íoctha don chaipiteal suibscríofa mar atá sé sainithe in Airteagal 4 den Reacht [1].

| | | |
|---|---|---|
| An Pholainn | EUR | 181 751 525 |
| Poblacht na Seice | EUR | 60 629 500 |
| An Ungáir | EUR | 56 079 150 |
| An tSlóvaic | EUR | 20 424 475 |
| An tSlóivéin | EUR | 18 971 450 |
| An Liotuáin | EUR | 12 542 600 |
| An Chipir | EUR | 9 037 350 |
| An Laitvia | EUR | 7 809 625 |
| An Eastóin | EUR | 5 758 600 |
| Málta | EUR | 3 692 450 |

Íocfar na ranníocaíochtaí sin in ocht dtráthchodanna chomhionanna a bheidh dlite ar 30/09/2004, 30/09/2005, 30/09/2006, 31/03/2007, 30/09/2007, 31/03/2008, 30/09/2008 agus 31/03/2009 [2].

---

1 Is táscach iad na figiúirí do na Ballstáit nua agus tá siad bunaithe ar réamhaisnéis na sonraí do 2002 arna foilsiú ag Eurostat (New Cronos).

2 Tá na dátaí sin bunaithe ar an toimhde go mbeidh aontachas na mBallstát nua ann iarbhír dhá mhí roimh 30/09/2004 ar a dhéanaí.

AIRTEAGAL 4

Ranníocfaidh na Ballstáit nua in ocht dtráthchodanna chomhionanna a bheidh dlite ar na dátaí dá dtagraítear in Airteagal 3, do na cúlchistí agus do na soláthairtí is coibhéiseach le cúlchistí, mar aon leis an méid atá le leithreasú fós do na cúlchistí agus soláthairtí, a chuimsíonn iarmhéid an chuntais sochair agus dochair, arna mbunú ag deireadh na míosa roimh an aontachas, mar atá sé iontráilte i gclár comhardaithe an Bhainc, i méideanna a fhreagraíonn do na céatadáin seo a leanas de na cúlchistí agus soláthairtí [1]:

| | |
|---|---|
| An Pholainn | 2,4234% |
| Poblacht na Seice | 0,8084% |
| An Ungáir | 0,7477% |
| An tSlóvaic | 0,2723% |
| An tSlóivéin | 0,2530% |
| An Liotuáin | 0,1672% |
| An Chipir | 0,1205% |
| An Laitvia | 0,1041% |
| An Eastóin | 0,0768% |
| Málta | 0,0492% |

[1] Is táscach iad na figiúirí do na Ballstáit nua agus tá siad bunaithe ar réamhaisnéis na sonraí do 2002 arna foilsiú ag Eurostat (New Cronos).

## AIRTEAGAL 5

An caipiteal agus na híocaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagail 2, 3 agus 4 den Phrótacal seo, íocfaidh Ríocht na Spáinne agus na Ballstáit nua isteach iad in airgead tirim in euro ach amháin i gcás maolú arna chinneadh d'aon toil ag an mBord Gobharnóirí.

## AIRTEAGAL 6

1. Amhail ón aontachas, ceapfaidh an Bord Gobharnóirí stiúrthóir do gach ceann de na Ballstáit nua, maille le stiúrthóirí malartacha mar, atá sonraithe in Airteagal 11(2) den Reacht.

2. Rachaidh téarma oifige na stiúrthóirí agus na stiúrthóirí malartacha arna gceapadh amhlaidh in éag ag deireadh chruinniú bliantúil an Bhord Gobharnóirí ag a scrúdófar tuarascáil bhliantúil na bliana airgeadais 2007.

3. Amhail ón aontachas, comhthoghfaidh an Bord Gobharnóirí na saineolaithe agus na saineolaithe malartacha.

PRÓTACAL UIMH. 2

MAIDIR LE TIONSCAL CRUACH NA SEICE

A ATHSTRUCHTÚRÚ

1. D'inneoin Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, measfar go bhfuil státchabhair arna deonú ag Poblacht na Seice ar mhaithe le hathstruchtúrú do chodanna sonraithe de thionscal cruach na Seice ó 1997 go 2003 ag luí leis an gcómhargadh ar chuntar:

– go bhfuil an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 8(4) de Phrótacal 2 maidir le táirgí CEGC a ghabhann leis an gComhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Seice [1], den pháirt eile, fadaithe go dtí dáta an aontachais, agus

– go cloítear i gcaitheamh na tréimhse 2002-2006 leis na téarmaí atá leagtha amach sa phlean um athstruchtúrú ar ar a bhonn a fadaíodh an Prótacal thuasluaite,

– go gcomhalltar na coinníollacha atá leagtha amach sa Phrótacal seo, agus

– nach n-íoctar aon státchabhair do thionscal cruach an Seice tar éis dháta an aontachais.

2. Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2006 (dá ngairtear "deireadh na tréimhse um athstruchtúrú" anseo feasta) críochnófar athstruchtúrú earnáil chruach na Seice, mar atá tuairiscithe i bpleananna leithleacha gnó na gcuideachtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn 1, agus i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha amach sa Phrótacal seo.

---

[1] IO L 360, 31.12.1994, lch. 2.

3. Is cuideachtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 (dá ngairtear "cuideachtaí tairbhiúla" anseo feasta), agus iad siúd amháin, a bheidh cáilithe do státchabhair faoi chuimsiú chlár um athstruchtúrú cruach na Seice.

4. Ní fhéadfaidh cuideachta thairbhiúil:

(a) i gcás cumaisc le cuideachta nach bhfuil áirithe in Iarscríbhinn 1, tairbhe na cabhrach arna deonú don chuideachta thairbhiúil a chur ar aghaidh;

(b) sócmhainní aon chuideachta nach bhfuil áirithe in Iarscríbhinn 1 a dhearbhaítear a bheith féimheach i rith na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2006 a ghabháil chuige;

5. Déanfaidh aon phríobháidiú ina dhiaidh sin d'aon cheann de na cuideachtaí tairbhiúla na coinníollacha agus na prionsabail i dtaca le hinmharthanacht, státchabhracha agus laghdú cumais atá sainithe sa Phrótacal seo a urramú.

6. Cinnfear an chabhair iomlán um athstruchtúrú atá le deonú do na cuideachtaí tairbhiúla sa tréimhse de réir na bhfírinnithe arna leagan amach sa phlean Seiceach um athstruchtúrú arna fhormheas agus na pleananna leithleacha gnó mar atá formheasta ag an gComhairle. Ar aon chuma, tá an chabhair arna híoc sa tréimhse 1997-2003 teoranta do mhéid uasta CZK 14 147 425 201. As an méid iomlán seo, faigheann Nová Huť méid uasta CZK 5 700 075 201, faigheann Vítkovice Steel méid uasta CZK 8 155 350 000 agus faigheann Válcovny Plechu Frýdek Místek méid uasta CZK 292 000 000 ag brath ar na ceanglais mar atá leagtha amach sa phlean um athstruchtúrú arna fhormheas. Ní dheonófar an chabhair ach an t-aon uair amháin. Ní dheonóidh Poblacht na Seice aon státchabhair bhreise do thionscal cruach na Seice ar mhaithe le hathstruchtúrú.

7. Is 590 000 tona an glanlaghdú cumais atá le baint amach ag Poblacht na Seice do tháirgí críochnaithe i rith na tréimhse 1997-2006.

Ní thomhasfar laghdú cumais ach amháin ar bhonn áiseanna táirgthe a dhúnadh go buan trí scriosadh fisiceach ar dhóigh nach féidir na háiseanna a athchur i seirbhís. Ní cháileoidh mar laghdú cumais cuideachta chruach do dhearbhú féimheachta.

Críochnófar an leibhéal thuas de ghlanlaghdú cumais, mar aon le haon laghduithe cumais a aithnítear a bheith riachtanach sna cláir um athstruchtúrú, i gcomhréir leis an amchlár in Iarscríbhinn 2.

8. Déanfaidh Poblacht na Seice bacainní trádála a dhíchur i margadh an ghuail i gcomhréir leis an acquis faoin aontachas, ag cumasú do chuideachtaí Seiceacha cruach rochtain a fháil ar ghual ag margadhphraghsanna idirnáisiúnta.

9. Cuirfear chun feidhme an plean gnó don chuideachta thairbhiúil Nová Huť Ach go háirithe

(a) cuirfear gléasra Vysoké Pece Ostrava faoi chreat eagrúcháin Nová Huť trí úinéireacht iomlán a fháil. Socrófar spriocdháta don chumasc sin, lena n-áirítear freagracht as a chur chun feidhme a shannadh;

(b) díreofar na hiarrachtaí um athstruchtúrú ar an méid seo a leanas;

- Nová Huť a fhorbairt ó bheith dírithe ar tháirgeacht chun bheith dírithe ar mhargaíocht agus feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht a bhainistíochta gnó, lena n-áirítear trédhearcacht níos mó i ndáil le costais,

- athbhreithniú ag Nová Huť ar a mheascadh táirgí agus iontráil go dtí margaí ar mó a mbreisluach,

- Nová Huť do dhéanamh na n-infheistíochtaí is gá chun caighdeán níos airde a shroicheadh do tháirgí críochnaithe sa ghearrthéarma,

(c) cuirfear athsruchtúrú fostaíochta chun feidhme; faoi cheann an 31 Nollaig 2006, sroichfear leibhéil táirgeachta is inchomparáide leo siúd arna mbaint amach ag grúpaí táirgí thionscal chruach AE, ar bhonn fhigiúirí comhdhlúite na gcuideachtaí tairbhiúla i dtrácht;

(d) bainfear amach comhlíonadh acquis ábhartha an Chomhphobail i réimse chosaint an chomhshaoil faoi cheann an aontachais, lena n-áirítear na hinfheistíochtaí riachtanacha a dtugtar aghaidh orthu sa phlean gnó. I gcomhréir leis an bplean gnó, déanfar an infheistíocht is gá sa todhchaí atá bainteach le CRIT, chun a áirithiú go gcomhlíonfar faoi cheann an 1 Samhain 2007 Treoir 96/61/CE maidir le cosc agus rialú iomlánaithe ar an truailliú [1].

---

[1] IO L 257, 10.10.1996, lch. 26.

10. Cuirfear chun feidhme an plean gnó don chuideachta thairbhiúil Vítkovice Steel. Ach go háirithe:

(a) dúnfar Muileann Duo go buan tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2006. I gcás go gceannóidh infheisteoir straitéiseach an chuideachta, beidh an dúnadh sin faoi cheann an dáta sin ina choinníoll ar an gconradh ceannaigh.

(b) díreofar na hiarrachtaí um athstruchtúrú ar an méid seo a leanas;

– méadú ar dhíolacháin dhíreacha agus fócas níos mó ar chostais a laghdú, toisc an méid sin a bheith fíor-riachtanach do bhainistíocht gnó níos éifeachtaí,

– oiriúnú d'éileamh an mhargaidh agus athrú i dtreo táirgí ar mó a mbreisluach,

– an infheistíocht arna beartú sa phróiseas tánaisteach déanta cruach a thabhairt ar aghaidh ó 2004 go 2003, chun ligean don chuideachta dul san iomaíocht ar bhonn caighdeáin seachas ar bhonn praghsanna;

(c) bainfear amach comhlíonadh acquis ábhartha an Chomhphobail i réimse chosaint an chomhshaoil faoi cheann an aontachais, lena n-áirítear na hinfheistíochtaí riachtanacha a dtugtar aghaidh orthu sa phlean gnó.

11. Cuirfear chun feidhme an plean gnó don chuideachta Válcovny Plechu Frýdek Místek (VPFM). Ach go háirithe

(a) dúnfar Muilinn Theorollta Uimh. 1 agus 2 go buan tráth nach déanaí ná deireadh 2004;

(b) díreofar na hiarrachtaí um athstruchtúrú ar an méid seo a leanas;

- an infheistíocht is gá a dhéanamh chun caighdeán níos airde a bhaint amach do tháirgí críochnaithe sa ghearrthéarma,

- tosaíocht a thabhairt d'eochairdheiseanna sainaitheanta chun feabhas a chur ar bhrabúis (lena n-áirítear athstruchtúrú fostaíochta, costais a laghdú, feabhas a chur ar thorthaí agus athdhíriú imdháileacháin).

12. Ní foláir comhaontú ón gCoimisiún agus, nuair is iomchuí, ón gComhairle a bheith le haon athruithe ina dhiaidh sin ar an bplean foriomlán um athstruchtúrú agus na pleananna leithleacha.

13. Cuirfear an t-athsrtuchtúrú chun feidhme faoi dhálaí lán-trédhearcachta agus ar bhonn phrionsabail fhónta gheilleagar an mhargaidh.

14. Déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle faireachán géar ar chur chun feidhme an athstruchtúraithe agus ar chomhall na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Phrótacal seo maidir le hinmharthanacht, státchabhair, laghduithe cumais roimh an aontachas agus ina dhiaidh, go dtí deireadh na tréimhse um athstruchtúrú, i gcomhréir le míreanna 15 go 18. Chuige seo cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chuig an gComhairle.

15. Déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle faireachán ar thagarmharcanna an athstruchtúraithe atá leagtha amach in Iarscríbhinn 3.

16. Áireofar ar an bhfaireachán meastóireacht neamhspleách a dhéanfar i 2003, 2004, 2005, agus 2006. Is eilimint thábhachtach triail inmharthanachta an Choimisiúin chun a áirithiú go mbainfear inmharthanacht amach.

17. Comhoibreoidh Poblacht na Seice go hiomlán leis na socruithe faireacháin go léir. Ach go háirithe

– soláthróidh Poblacht na Seice don Choimisiún tuarascálacha 6-mhíosúla ar athstruchtúrú na gcuideachtaí tairbhiúla tráth nach déanaí ná an 15 Márta agus an 15 Meán Fómhair gach bliain go dtí deireadh na tréimhse um athstruchtúrú,

– sroichfidh an chéad tuarascáil an Coimisiún faoi cheann an 15 Márta 2003 agus an tuarascáil dheireanach faoi cheann an 15 Márta 2007, mura gcinnfidh an Coimisiún a mhalairt,

– beidh sna tuarascálacha an fhaisnéis uile is gá chun faireachán a dhéanamh ar phróiséas an athstruchtúraithe agus ar laghdú agus usáid cumais agus tabharfar iontu go leor sonraí i dtaobh airgeadais chun gur féidir measúnú a dhéanann an bhfuil na coinníollacha agus na ceanglais sa Phrótacal seo comhallta. Beidh sna tuarascálacha ar a laghad an fhaisnéis atá leagtha amach in Iarscríbhinn 4 agus forchoimeádann an Coimisiún an ceart an Iarscríbhinn sin a mhodhnú i gcomhréir lena thaithí le linn an phróisis faireacháin. I dteannta leis na tuarascálacha leithleacha gnó ar na cuideachtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn 1, beidh tuarascáil freisin ar staid fhoriomlán earnáil Sheiceach an chruach, lena n-áirítear forbairtí maicreacnamaíocha déanacha,

  – cuirfidh Poblacht na Seice iachall ar na cuideachtaí tairbhiúla gach sonra is ábhartha a nochtadh a d'fhéadfaí a mheas, i gcúinsí eile, mar shonraí rúnda. Agus tuairisc á tabhairt aige don Chomhairle, áiritheoidh an Coimisiún nach nochtfar faisnéis rúnda atá sonrach do chuideachta.

18. Féadfaidh an Coimisiún, tráth ar bith, a chinneadh sainordú a thabhairt do chomhairleoir neamhspleách chun torthaí an fhaireacháin a mheasúnú, aon taighde is gá a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt don Choimisiún agus don Chomhairle.

19. Má shuíonn an Coimisiún, ar bhonn na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 16, go bhfuil diallais shuntasacha ó na sónraí airgeadais ar a ndearnadh an measúnú inmharthanachta tar éis tarlú, féadfaidh sé a chur de cheangal ar Phoblacht na Seice bearta iomchuí a ghlacadh chun bearta um athstruchtúrú na gcuideachtaí tairbhiúla i dtrácht a athneartú.

20. Má thaispeánann an faireachán:

(a) nach bhfuil na coinníollacha do na socruithe idirthréimhseacha sa Phrótacal seo comhallta, nó

(b) nach bhfuil na gealltanais arna ndéanamh faoi chuimsiú fhadú na tréimhse inar féidir le Poblacht na Seice tacaíocht stáit a dheonú go heisceachtúil chun a tionscal cruach a athstruchtúrú faoin gComhaontú Eorpach comhallta [1], nó

(c) go bhuil Poblacht na Seice, i gcaitheamh na tréimhse um athstruchtúrú, tar éis státchabhair neamhréireach bhreise a dheonú don tionscal cruach agus go háirithe do na cuideachtaí tairbhiúla,

ní ghabhfadh éifeacht leis na socruithe idirthréimhseacha sa Phrótacal seo.

Glacfaidh an Coimisiún bearta iomchuí a chuireann de cheangal ar aon chuideachta i dtrácht aon chabhair arna deonú de shárú ar na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal seo a aisíoc.

---

[1] IO L 360, 31.12.1994, lch. 2.

**IARSCRÍBHINN 1**

CUIDEACHTAÍ A THAIRBHÍONN DE STÁTCHABHAIR
FAOI CHLÁR PHOBLACHT NA SEICE
UM ATHSTRUCHTÚRÚ CRUACH

NOVÁ HUŤ, a.s.
Vratimovská 689
707 02 Ostrava-Kunčice
Czech Republic

VÍTKOVICE STEEL, a.s.
Ruská 2887/101
706 02 Ostrava – Vítkovice
Czech Republic

VÁLCOVNY PLECHU, a.s.
Křižíkova 1377
Frýdek – Místek
Czech Republic

**IARSCRÍBHINN 2**

AMCHLÁR NA LAGHDUITHE CUMAIS (LAGHDUITHE AGUS MÉADUITHE) [1]

| Cuideachta | Áis | Athrú cumais (tpy) | Dáta athraithe táirgeachta | Dáta an bhuandúnta |
|---|---|---|---|---|
| Poldi Hütte | Muilinnrollta V1-V8 | -120 000 | 01.08.1999 | 31.05.2000 |
| VPFM | Muilinn theorollta Uimh. 1 & 2 | -70 000 | 31.12.2004 | 31.12.2005 |
| Vítkovice Steel | Muileann rollta Duo | -130 000 | 30.06.2006 | 31.12.2006 |
| Nová Huť | Muileann tromghearrtha – HCC | -600 000 | 31.08.2006 | 31.12.2006 |
| Nová Huť | Muileann gearrtha | +330 000 | 01.01.2007 | - |
| | Glanathrú cumais | -590 000 | | |

[1] Ba chóir go mbeadh laghduithe cumais buan mar atá sainithe i gCinneadh 3010/91/CEGC ón gCoimisiún (IO L 286, 8.8.1986, lch. 20).

**IARSCRÍBHINN 3**

TAGARMHARCANNA AN ATHSTRUCHTÚRAITHE AGUS FAIREACHÁN

1. Inmharthanacht

Agus aird á tabhairt ar na rialacha speisialta cuntasaíochta arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún, bainfidh gach cuideachta thairbhiúil amach olltoradh oibriúcháin íosta bliantúil ó láimhdeachas (10% do ghnóthais chruach neamh-iomlánaithe, 13,5% do mhuilte cruach iomlánaithe) agus toradh íosta 1,5% de láimhdeachas ar chaipiteal dílis tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2006. Fíorófar an méid sin sa mheastóireacht neamhspleách a dhéanfar go bliantúil idir 2003 agus 2006 agus dá bhforáiltear i mír 17 den Phrótacal.

2. Táirgiúlacht

Bainfear amach de réir a chéile faoi cheann an 31 Nollaig 2006 táirgiúlacht fhoriomlán is inchomparáide lena bhfuil bainte amach ag tionscal cruach AE. Fíorófar an méid sin sa mheastóireacht neamhspleách a dhéanfar go bliantúil idir 2003 agus 2006 agus dá bhforáiltear i mír 17 den Phrótacal.

3. Laghduithe ar chostais

Gabhaidh tábhacht faoi leith le laghduithe ar chostais mar cheann d'eochaireilimintí na hinmharthanachta. Cuirfear chun feidhme go hiomlán iad i gcomhréir le pleananna gnó na gcuideachtaí tairbhiúla.

**IARSCRÍBHINN 4**

LIOSTA TÁSCACH NA gCEANGLAS FAISNÉISE

1. Éifeachtaí táirgeachta agus margaidh

   – táirgeacht mhíosúil cruach amh, táirgí leathchríochnaithe agus leathchríochnaithe de réir aicme agus de réir raoin táirgí,

   – táirgí arna ndíol, lena n-áirítear toirteanna, praghsanna agus margaí; miondealú de réir raoin táirgí.

2. Infheistíochtaí

   – mionsonraí faoi infheistíochtaí arna ndéanamh

   – dáta críochnaithe

   – costais na hinfheistíochta, foinsí an airgeadais agus suim aon chabhrach gaolmhaire i dtreis,

   – dáta íocaíochta cabhrach, más ann.

3. Laghduithe ar an líon saothair

– líon agus amchlár caillteanas post

– éabhlóid na fostaíochta sna cuideachtaí tairbhiúla (ag idirdhealú idir fostaíocht dhíreach agus fostaíocht indíreach).

4. Cumas (ag féachaint d'earnáil iomlán an chruach i bPoblacht na Seice)

– dáta nó dáta a bhfuil coinne leis a scoirtear de chumais a tháirgeadh arna sonrú i TUF (is eard é TUF an táirgeacht bhliantúil uasta féideartha is féidir a fháil faoi ghnáthdhálaí oibre) atá le dúnadh, agus tuairisc orthu,

– dáta (nó dáta a bhfuil coinne leis) a ndéantar díchóimeáil, mar atá sainithe i gCinneadh Uimh. 3010/91/CEGC maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag gnóthais chruach faoina n-infheistíochtaí [1], ar an bhfearas i dtrácht agus mionsonraí na díchóimeála,

– dáta (nó dáta a bhfuil coinne leis) a dtugtar isteach cumais nua agus tuairisc orthu,

– éabhlóid sa chumas iomlán cruach amh agus táirgí críochnaithe i bPoblacht na Seice.

---

[1] IO L 286, 16.10.1991, lch. 20.

5. Costas

– miondealú ar chostais agus a n-éabhlóid faoi seach san am atá thart agus sa todhchaí, go háirithe coigillt ar chostais fórsa saothair, tomhaltas fuinnimh, coigilt ar chostais amhábhar, gabhálais agus laghdú ar sheirbhísí seachtracha.

6. Feidhmíocht airgeadais

– éabhlóid eochairchóimheas airgeadais roghnaithe chun a áirithiú go ndéantar dul chun cinn i dtreo na hinmharthanachta (ní foláir na torthaí agus na cóimheasa airgeadais a sholáthar ar dhóigh a cheadaíonn comparáidí le plean na cuideachta um athstruchtúrú airgeadais agus ní foláir tástáil inmharthanachta an Choimisiúin a bheith iontu),

– leibhéal táillí airgeadais,

– mionsonraí agus amchlár cabhrach arna deonú,

– mionsonraí agus amchlár íoctha cabhrach arna deonú cheana,

– téarmaí agus coinníollacha aon iasachtaí nua (gan spleáchas don fhoinse).

7. Príobháidiú

- praghas díola agus cóireáil dliteanas atá ann,
- fáltais díolacháin a dhiúscairt,
- dáta díolacháin,
- staid airgeadais na cuideachta tráth an díolacháin,
- luach na cuideachta/sócmhainní tráth an díolacháin agus an modh luachála a úsáidtear.

8. Cuideachta nua nó gléasra nua a chruthú a ionchopraíonn síneadh cumais

- céannacht gach rannpháirtí ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí,
- foinsí a gcuid maoinithe chun an chuideachta nua nó na gléasraí nua a chruthú,
- téarmaí agus coinníollacha rannpháirtíocht na scairshealbhóirí príobháideacha agus poiblí,
- struchtúr bainistíochta na cuideachta nua.

PRÓTACAL UIMH. 3

MAIDIR LE LIMISTÉIR BHUNÁITE FHLAITHEASACHA

RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE

AGUS THUAISCEART ÉIREANN SA CHIPIR

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhforáiltear sa Chomhdhearbhú maidir le Limistéir Cheannasachta Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach an Chonartha i dtaobh aontachas na Ríochta Aontaithe leis na Comhphobail Eorpacha go ndéanfar na socruithe is infheidhme maidir le caidreamh idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha a shainiú i gcomhthéacs aon chomhaontú idir an Comhphobal agus Poblacht na Cipire;

AG CUR SAN ÁIREAMH DÓIBH na bhforálacha maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha atá leagtha amach sa Chonradh maidir le bunú Phoblacht na Cipire (dá ngairtear "an Conradh Bunaíochta" anseo feasta ) agus sna Maluirtuthe Nótaí gaolmhara a ghabhann leis dar dáta an 16 Lúnasa 1960;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an Malartú Nótaí idir Rialtas na Ríochta Aontaithe agus Rialtas Phoblacht na Cipire maidir le riarachán na Limistéar Bunáite Flaitheasach, dar dáta 16 Lúnasa 1960, agus an Dearbhaithe ó Rialtas na Ríochta Aontaithe a ghabhann leis á rá gur ceann de na príomhchuspóirí atá le baint amach cosaint leasanna na ndaoine a bhfuil cónaí orthu nó atá ag obair sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha, agus de bhrí, sa chomhthéacs sin, gur cóir go gcuirfí an chóir chéanna a mhéad is féidir ar na daoine sin is a chuirtear ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu nó atá ag obair i bPoblacht na Cipire;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH FAIRIS SIN na bhforálacha den Chonradh Bunaíochta i dtaca le socruithe custaim idir na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus Poblacht na Cipire agus go háirithe na forálacha in Iarscríbhinn F a ghabhann leis an gConradh sin;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH FREISIN an ghealltanais ón Ríocht Aontaithe gan poist chustaim nó bacainní teorann eile a chruthú idir na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus Poblacht na Cipire agus na socruithe a rinneadh de bhun an Chonartha Bhunaíochta ar dá réir a riarann Poblacht na Cipire raon leathan seirbhísí poiblí sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha, lena n-áirítear réimsí na talmhaíochta, an chustaim agus an chánachais;

AG DEIMHNIÚ DÓIBH nach cóir go ndéanfadh aontachas Phoblacht na Cipire leis an Aontas Eorpach difear do chearta agus oibleagáidí na bpáirtithe sa Chonradh Bunaíochta;

AG AITHINT DÓIBH dá bhrí sin gur gá forálacha áirithe den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus de dhlí CE gaolmhar a chur i bhfeidhm maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus socruithe speisialta a dhéanamh i ndáil leis na forálacha sin a chur chun feidhme sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha;

TAR ÉIS COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:

## AIRTEAGAL 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 299(6)(b) den Chonradh ar ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

"(b) Ní bheidh feidhm ag an gConradh seo maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Akrotiri agus Dhekelia de chuid na Ríochta Aontaithe sa Chipir ach amháin a mhéad is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme na socruithe atá leagtha amach sa Phrótacal maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach agus i gcomhréir le téarmaí an Phrótacail sin."

## AIRTEAGAL 2

1. Cuimseofar na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha laistigh de chríoch chustaim an Chomhphobail, agus chun na críche sin, beidh feidhm, maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha, ag an hionstraimí beartais chustaim agus tráchtála atá liostaithe i gCuid I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo, maille leis na leasuithe atá leagtha amach san Iarscríbhinn.

2. Beidh feidhm maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha ag na hionstraimí maidir le cánacha láimhdeachais, dleachtanna máil agus foirmeacha eile de chánachais indíreach atá liostaithe i gCuid a Dó den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo, maille leis na leasuithe atá leagtha amach san Iarscríbhinn chomh maith leis na forálacha ábhartha a bhfuil feidhm acu maidir leis an gCipir mar atá leagtha amach san Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach.

3. Déanfar na hionstraimí atá liostaithe i gCuid a Trí den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo a leasú mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn chun a chumasú don Ríocht Aontaithe na faoisimh agus na díolúintí ó dhleachtanna agus cánacha ar sholáthairtí dá fórsaí agus don phearsanra atá bainteach leo atá deonaithe sa Chonradh Bunaíochta a choimeád ar bun.

## AIRTEAGAL 3

Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas den Chonradh agus na forálacha gaolmhara seo a leanas maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha:

(a) Teideal II de Chuid a Trí de Chonradh CE maidir le talmhaíocht agus forálacha arna nglacadh ar an mbonn sin;

(b) Bearta arna nglacadh faoi Airteagal 152(4)(b) de Chonradh CE.

AIRTEAGAL 4

Daoine a bhfuil cónaí orthu nó atá fostaithe sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus atá, faoi shocruithe arna ndéanamh de bhun an Chonartha Bhunaíochta agus an Mhalartaithe Nótaí dar dáta 16 Lúnasa 1960, faoi réir reachtaíocht slándála sóisialta Phoblacht na Cipire, cuirfear cóir orthu chun críocha Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle an 14 Meitheamh 1971 maidir le scéimeanna slándála sóisialta a chur i bhfeidhm ar dhaoine fostaithe, ar dhaoine féinfhostaithe agus ar bhaill dá dteaghlaigh ag gluaiseacht sa Chomhphobal [1] amhail is dá mbeadh cónaí orthu nó dá mbeidís fostaithe ar chríoch Phoblacht na Cipire.

AIRTEAGAL 5

1. Ní chuirfear de cheangal ar Phoblacht na Cipire seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine ag trasnú a teorainneacha talaimh agus mara leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus ní bheidh feidhm maidir le daoine den sórt sin ag aon srianta Comhphobail ar theorainneacha seachtracha a thrasnú.

2. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe rialuithe ar dhaoine ag trasnú theorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach i gcomhréir leis na gealltanais atá leagtha amach i gCuid a Ceathair den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo

[1] IO L 149, 5.7.1971, lch. 2.

AIRTEAGAL 6

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, d'fhonn a áirithiú go gcuirfear cuspóirí an Phrótacail seo chun feidhme go héifeachtach, Airteagail 2 go 5 thuas, lena n-áirítear an Iarscríbhinn, a leasú, nó forálacha eile de Chonradh CE agus de reachtaíocht ghaolmhar Chomhphobail a chur i bhfeidhm maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha ar cibé téarmaí agus faoi réir cibé coinníollacha a shonraíonn sí. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe agus le Poblacht na Cipire sula dtíolacfaidh sé togra.

AIRTEAGAL 7

1. Faoi réir mhír 2, beidh an Ríocht Aontaithe freagrach as an bPrótacal seo a chur chun feidhme sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha. Ach go háirithe:

(a) beidh an Ríocht Aontaithe freagrach as na bearta Comhphobail atá sonraithe sa Phrótacal seo i réimsí an chustaim, an chánachais indírigh agus an chomhbheartais tráchtála a chur i bhfeidhm i ndáil le hearraí ag teacht isteach go hoileán na Cipire nó á fhágáil trí chalafort nó aerfort laistigh de na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha;

(b) féadfar rialuithe custaim a dhéanamh laistigh de na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha ar earraí arna n-allmhairiú isteach go hoileán na Cipire nó arna n-onnmhairiú uaidh ag fórsaí na Ríochta Aontaithe trí chalafort nó aerfort i bPoblacht na Cipire;

(c) beidh an Ríocht Aontaithe freagrach as aon cheadúnais, údaruithe nó deimhnithe a eisiúint a fhéadfar a iarraidh faoi aon bheart Comhphobail infheidhme i dtaca le hearraí arna n-allmhairiú isteach go hoileán na Cipire nó arna n-onnmhairiú uaidh ag fórsaí na Ríochta Aontaithe.

2. Beidh Poblacht na Cipire freagrach as riarachán agus íocaíocht aon chistí Comhphobail a bhféadfaidh daoine sna Limistéir Bhunáite Flaitheasacha bheith ina dteideal de bhun an comhbheartas talmhaíochta a chur i bhfeidhm sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha faoi Airteagal 3 den Phrótacal seo agus beidh Poblacht na Cipire cuntasach don Choimisiún as caiteachas den sórt sin.

3. Gan dochar do mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh an Ríocht Aontaithe feidhmiú aon cheann de na feidhmeanna atá forchurtha ar Bhallstát le haon cheann de na forálacha dá dtagraítear in Airteagail 2 go 5 thuas, nó faoi, a tharmligean chuig údaráis inniúla Phoblacht na Cipire, i gcomhréir le socruithe arna ndéanamh de bhun an Chonartha Bhunaíochta.

4. Comhoibreoidh an Ríocht Aontaithe agus Poblacht na Cipire chun a áirithiú go gcuirfear an Prótacal seo chun feidhme go héifeachtach sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha agus, nuair is iomchuí, tabharfaidh socruithe breise i gcrích maidir le cur chun feidhme aon cheann de na forálacha dá dtagraítear in Airteagail 2 go 5 thuas a tharmligean. Tíolacfar cóip d'aon socruithe den sórt sin don Choimisiún.

AIRTEAGAL 8

Ní bheidh de chuspóir ag na socruithe dá bhforáiltear sa Phrótacal seo ach staid faoi leith Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha na Ríochta Aontaithe sa Chipir a rialáil agus ní bheidh feidhm acu maidir le haon chríoch eile sa Chomhphobal ná ní bheidh siad ina bhfasach, go hiomlán nó go páirteach, d'aon socruithe speisialta eile atá ann cheana nó a d'fhéadfaí a chur ar bun i gcríoch Eorpach eile dá bhforáiltear in Airteagal 299 den Chonradh.

AIRTEAGAL 9

Tabhairfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gach cúig bliana, ar chur chun feidhme fhorálacha an Phrótacail seo.

**IARSCRÍBHINN**

*Tuigfear tagairtí sa Phrótacal seo do Threoracha agus Rialacháin mar thagairtí do na Treoracha agus Rialacháin sin mar atá arna leasú nó arna n-ionadú ó am go chéile agus dá n-ionstraimí cur chun feidhme.*

CUID A hAON

1. Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail a gcuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3(2) de:

"2. The following territories situated outside the territory of the Member States shall, taking the conventions and treaties applicable to them into account, be considered to be part of the customs territory of the Community:

(a) FRANCE

The territory of the principality of Monaco as defined in the Customs Convention signed in Paris on 18 May 1963 (Official Journal of the French Republic of 27 September 1963, p. 8679)

(b) CYPRUS

The territory of the United Kingdom Sovereign Base Areas of Akrotiri and Dhekelia as defined in the Treaty concerning the Establishment of the Republic of Cyprus, signed in Nicosia on 16 August 1960 (United Kingdom Treaty Series No 4 (1961) Cmnd. 1252)";

2. Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim

3. Rialachán (CEE) Uimh. 918/83 ón gComhairle an 28 Márta 1983 ag cur córas Comhphobail faoiseamh ó dhleacht chustaim ar bun;

4. Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 ag leagan síos forálacha chun Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail a chur chun feidhme;

5. Rialachán (CEE) Uimh. 3677/90 ón gComhairle an 13 Nollaig 1990 ag leagan síos bearta le glacadh chun claonadh substaintí áirithe go monarú aindleathach drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha a dhímholadh;

6. Treoir 92/109/CEE ón gComhairle an 14 Nollaig 1992 maidir le substaintí áirithe a úsáidtear i monarú aindleathach drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha a mhonarú agus a chur ar an margadh;

7. Rialachán (CEE) Uimh. 3911/92 ón gComhairle an 9 Nollaig 1992 maidir le hearraí cultúrtha a onnmhairiú;

8. Rialachán (CE) Uimh. 3295/94 ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 ag leagan síos bearta maidir le hiontráil isteach sa Chomhphobal ag earraí a sháraíonn cearta áirithe maoine intleachtúla agus lena n-onnmhairiú agus a n-athonnmhairiú ón gComhphobal;

9. Rialachán (CE) Uimh. 1367/95 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 1995 ag leagan síos forálacha cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 3295/94 ón gComhairle ag leagan síos bearta maidir le hiontráil isteach sa Chomhphobal ag earraí a sháraíonn cearta áirithe maoine intleachtúla agus lena n-onnmhairiú agus a n-athonnmhairiú ón gComhphobal;

10. Rialachán (CE) Uimh 1334/2000 ón gComhairle an 22 Meitheamh 2000 ag cur córas Comhphobail ar bun chun onnmhairí míreanna agus teicneolaíochta dé-úsáide a rialú.

CUID A DÓ

1. Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais – Comhchóras cáin bhreisluacha: aonbhonn measúnachta:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 3(4):

"By way of derogation from paragraph 1, in view of:

– the conventions and treaties which the Principality of Monaco and the Isle of Man have concluded respectively with the French Republic and the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland,

– the Treaty concerning the Establishment of the Republic of Cyprus,

the Principality of Monaco, the Isle of Man and the United Kingdom Sovereign Base Areas of Akrotiri and Dhekelia shall not be treated for the purpose of the application of this Directive as third territories."

(b) leasófar an dara fomhír d'Airteagal 3(4) trí thríú fleasc a chur leis mar a leanas:

"– the United Kingdom Sovereign Base Areas of Akrotiri and Dhekelia are treated as transactions originating in or intended for the Republic of Cyprus."

2. Treoir 92/12/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 maidir leis na socruithe ginearálta do tháirgí atá faoi réir dleacht mháil agus ar tháirgí den sórt sin a shealbhú agus a bhogadh agus faireachán a dhéanamh orthu: leasófar Airteagal 2(4) trí chúigiú fleasc a chur leis mar a leanas:

"– the United Kingdom Sovereign Base Areas of Akrotiri and Dhekelia are treated as transactions originating in or intended for the Republic of Cyprus."

CUID A TRÍ

1. Leasófar Airteagal 135 de Rialachán (CEE) Uimh. 918/83 ón gComhairle an 28 Márta 1983 ag cur córas Comhphobail faoiseamh ó dhleacht chustaim ar bun trí phointe (d) nua a chur leis mar a leanas:

"(d) by the United Kingdom of the reliefs on importations of goods for the use of its forces or the civilian staff accompanying them or for supplying their messes or canteens resulting from the Treaty of Establishment concerning the Republic of Cyprus, dated 16 August 1960".

2. Leasófar Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais – Comhchóras cáin bhreisluacha: aonbhonn measúnachta:

(a) trí cheathrú fleasc a chur isteach in Airteagal 14(1)(g) mar a leanas:

"– The exemptions set out in the third indent, shall extend to imports by and supplies of goods and services to the forces of the United Kingdom stationed in the island of Cyprus pursuant to the Treaty of Establishment concerning the Republic of Cyprus, dated 16 August 1960, which are for the use of the forces or the civilian staff accompanying them or for supplying their messes or canteens."

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Airteagal 17(3)(b):

(b) transactions which are exempt under Article 14(1)(g) and (i) and under Articles 15, and 16(1)(B) and (C), and paragraph 2".

3. Leasófar an chéad fhomhír d'Airteagal 23(1) de Threoir 92/12/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 maidir leis na socruithe ginearálta do tháirgí atá faoi réir dleacht mháil agus ar tháirgí den sórt sin a shealbhú agus a bhogadh agus faireachán a dhéanamh orthu trí fhleasc nua a chur léi, mar a leanas:

"– for the armed forces of the United Kingdom stationed in the island of Cyprus pursuant to the Treaty of Establishment concerning the Republic of Cyprus dated 16 August 1960, for the use of those forces, for the civilian staff accompanying them or for supplying their messes or canteens".

## CUID A CEATHAIR

1. Sa Phrótacal seo:

(a) ciallaíonn "teorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach" a dteorainneacha mara agus a n-aerfoirt agus a gcalafoirt, ach ní chiallaíonn sé a dteorainneacha talaimh nó mara le Poblacht na Cipire;

(b) ciallaíonn "pointí trasnaithe" aon phointe trasnaithe arna údarú ag údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe chun teorainneacha seachtracha a thrasnú.

2. Ní cheadóidh an Ríocht Aontaithe trasnú theorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach ach amháin ag pointí trasnaithe.

3. (a) Ní cheadófar do náisiúnaigh thríú tíortha teorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach a thrasnú ach amháin –

   (i) má tá doiciméad bailí taistil ina seilbh acu;

   (ii) má tá víosa bhailí do Phoblacht na Cipire ina seilbh acu, más gá;

   (iii) má tá siad ag gabháil do ghníomhaíocht a bhaineann le cosaint nó más ball de theaghlach duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht den sórt sin iad; agus

   (iv) mura bagairt iad don tslándáil náisiúnta.

(b) Ní fhéadfaidh an Ríocht Aontaithe maolú ar na coinníollacha sin ach amháin ar fhorais daonchairdis, ar fhorais leasa náisiúnta nó chun a hoibleagáidí idirnáisiúnta a chomhall.

(c) Chun críocha an ghealltanais in (a)(ii) cuirfear cóir ar bhaill fórsa, baill den phearsanra sibhialtach agus cleithiúnaithe, mar atá sainithe in Iarscríbhinn C a ghabhann leis an gConradh Bunaíochta, amhail nach gá víosa dóibh i bPoblacht na Cipire.

4. Déanfaidh an Ríocht Aontaithe seiceálacha ar dhaoine ag trasnú theorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach. Áireofar doiciméid taistil a fhíorú ar na seiceálacha sin. Déanfar seiceáil amháin den sórt sin ar a laghad ar gach duine chun a aitheantas a shuíomh.

5. Bainfidh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe úsáid as aonaid shoghluaiste chun faireachán a dhéanamh ar theorainneacha seachtracha idir pointí trasnaithe teorann agus ag pointí trasnaithe taobh amuigh de ghnáthuaireanta oscailte. Déanfar an faireachán sin ar dhóigh a dhímholfaidh daoine ó thimpeallú na seiceálacha ag pointí trasnaithe. Déanfaidh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe dóthain oifigeach atá cáilithe go cuí a imscaradh chun seiceálacha agus faireachán a dhéanamh feadh theorainneacha seachtracha na Limistéar Bunáite Flaitheasach.

6. Coimeádfaidh údaráis na Ríochta Aontaithe dlúthchomhar buan ar bun le húdaráis Phoblacht na Cipire d'fhonn seiceálacha agus faireachán a chur chun feidhme go héifeachtach.

7. (a) Iarratasóir ar thearmann a rinne iontráil i dtosach ar oileán na Cipire ó thaobh amuigh den Chomhphobal Eorpach trí cheann de na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha, glacfar ar ais go dtí na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha é nó ligfear ar ais iontu é arna iarraidh sin ag an mBallstát den Chomhphobal Eorpach ar ar a chríoch atá an t-iarratasóir.

(b) Agus aird á tabhairt aici ar dhálaí daonchairdis, oibreoidh Poblacht na Cipire leis an Ríocht Aontaithe d'fhonn teacht ar bhealaí agus modhanna praiticiúla chun cearta iarratasóirí ar thearmann agus imirceach neamhdhleathach sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha a urramú agus a riachtanais a chomhall, i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha de chuid Riarachán na Limistéar Bunáite Flaitheasach.

DEARBHÚ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH

Deimhnníonn an Coimisiún Eorpach a thuiscint go n-áirítear ar forálacha dhlí an Chomhphobail is infheidhme maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha de bhun Airteagal 3(a) den Phrótacal

(a) Rialachán (CE) Uimh. 3448/93 ón gComhairle an 6 Nollaig 1993 ag leagan síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe a thig ó tháirgí talmhaíochta a phróiseáil;

(b) Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 ag leagan síos forálacha ginearálta maidir leis na Cistí Struchtúracha, a mhéad a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) chun bearta forbartha tuaithe a mhaoiniú sna Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha faoi Roinn Ráthaíochta CETRT.

PRÓTACAL UIMH. 4

MAIDIR LE GLÉASRA CUMHACHTA NÚICLÉICHE

SA LIOTUÁIN

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG DEARBHÚ fhonnmhaireacht an Aontais leanúint de chúnamh breise leordhóthanach a sholáthar d'iarracht na Liotuáine chun díchoimisiúnú a dhéanamh freisin tar éis aontachas na Liotuáine leis an Aontas Eorpach don tréimhse go dtí 2006 agus ina dhiaidh agus ag tabhairt dá n-aire go bhfuil an Liotuáin, agus aird á tabhairt aici ar dhlúthpháirtíocht an Aontais arna cur in iúl amhlaidh, tar éis a chur de ghealltanas uirthi féin Aonad 1 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a dhúnadh roimh 2005 agus Aonad 2 faoi cheann 2009,

Á AITHINT DÓIBH gur de chineál gan sampla é an díchoimisiúnú ar Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina lena dhá aonad imoibreora de chineál 1500 MW RBMK arna bhfáil mar oidhreacht ón iar-Aontas Sóivéadach agus gur ualach eisceachtúil airgeadais é don Liotuáin nach bhfuil comhchuimseach le méid agus neart eacnamaíoch na tíre agus go leanfaidh an díchoimisiúnú sin tar éis Pheirspictíocht Airgeadais láithreach an Chomhphobail,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an gá atá le forálacha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le cúnmah Comhphobail breise chun déileáil leis na hiarmhairtí a thig ó Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a dhúnadh agus a dhíchoimisiúnú,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH go dtabharfaidh an Liotuáin aire chuí do riachtanais na réigiún is mó a ndéanfaidh dúnadh Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina difear dóibh agus an chabhair Chomhphobail á húsáid aici,

AG DEARBHÚ DÓIBH go measfar go bhfuil bearta áirithe a gheobhaidh tacaíocht trí chúnamh poiblí ag luí leis an margadh inmheánach, ar nós dhíchoimisiúnú Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina, uasghrádú comhshaoil ar cothrom leis an acquis agus nuachóiriú an chumais táirgeachta leictreachais ghnásúil is gá chun ionad an dá imoibreoir de chuid Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a ghabháil tar éis a ndúnta,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

## AIRTEAGAL 1

Ag aithint di a mhéad atá an tAontas ullamh cúnamh Comhphobail breise leordhóthanach a sholáthar d'iarrachtaí na Liotuáine chun Gléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a dhíchoimisiúnú agus béim á cur aici ar an dlúthpháirtíocht arna cur in iúl amhlaidh, tá an Liotuáin tar éis a chur de ghealltanas uirthi féin Aonad 1 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a dhúnadh faoi cheann an 31 Nollaig 2005 agus Aonad 2 den ghléasra sin a dhúnadh faoi cheann 2009 agus na haonaid sin a dhíchoimisiúnú iardain.

## AIRTEAGAL 2

1. Le linn na tréimhse 2004-2006, soláthróidh an Comhphobal cúnamh airgeadais breise don Liotuáin chun tacú lena hiarrachtaí chun Gléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a dhíchoimisiúnú agus chun déileáil le hiarmhairtí a dhúnta agus a dhíchoimisiúnaithe (dá ngairtear "Clár Ignalina" anseo feasta).

2. Déanfar bearta faoi Chlár Ignalina a chinneadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na forálacha arna leagan síos i Rialachán (CEE) Uimh. 3906/89 ón gComhairle an 18 Nollaig 1989 maidir le cúnamh eacnamaíoch do thíortha áirithe Lár agus Oirthear na hEorpa [1], mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 2500/2001 [2].

3. Folóidh Clár Ignalina, inter alia, bearta tacaíochta do dhíchoimisiúnú Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina; bearta um uasghrádú comhshaoil ar cothrom leis an acquis, bearta um an gcumas táirgeachta gnásúil a nuachóiriú chun ionad chumas táirgeachta an dá imoibreoir de chuid Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a ghabháil; agus bearta eile atá iarmhartach ar an gcinneadh an gléasra sin a dhúnadh agus a dhíchoimisiúnú agus a rannchuidíonn le hathstruchtúrú riachtanach, uasghrádú comhshaoil agus nuachóiriú na n-earnálacha táirgeachta, idirthurais agus dáileacháin fuinnimh sa Liotuáin chomh maith le feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair fhuinnimh agus ar éifeachtúlacht fhuinnimh sa Liotuáin.

4. Folóidh Clár Ignalina na bearta chun tacú le foireann an ghléasra d'fhonn ardleibhéal sábháilteachta oibríochtúla a choimeád ar bun ag Gléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina sna tréimhsí roimh na haonaid imoibreora a dúradh a dhúnadh agus le linn a ndíchoimisiúnaithe.

5. Don tréimhse 2004-2006, is EUR 285 milliún méid Chlár Ignalina i leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí a ndéanfar ceangaltas ina leith i dtráinsí bliantúla cothroma.

---

[1] IO L 375, 23.12.1989, lch. 11.
[2] IO L 342, 27.12.2001, lch. 1.

6. Féadfaidh an ranníocaíocht faoi Chlár Ignalina dul suas le 100% den chaiteachas iomlán do bhearta áirithe. Is cóir gach iarracht a dhéanamh leanúint den chleachtas cómhaoinithe arna bhunú faoin gcúnamh réamhaontachais i dtaca le hiarracht na Liotuáine chun díchoimisiúnú a dhéanamh chomh maith le cómhaoiniú a mhealladh ó fhoinsí eile, mar is iomchuí.

7. Cuirfear an cúnamh faoi Chlár Ignalina, nó codanna di, ar fáil mar ranníocaíocht Chomhphobail don Chiste Idirnaísiúnta Tacaíochta um Dhíchoimisiúnú Ignalina, arna bhainisteoireacht ag an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha.

8. Beidh cabhair phoiblí ó fhoinsí náisiúnta, Comhphobail agus idirnáisiúnta:

A. – ar mhaithe le huasghrádú comhshaoil ar cothrom leis an acquis agus le bearta chun an Gléasra Teirmeach Cumhachta Liotuánach in Elektrenai a nuachóiriú mar eochairionadaí do chumas táirgeachta an dá imoibreoir de chuid Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina; agus

1. – ar mhaithe le díchoimisiúnú Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina
2. 
3. ag luí leis an margadh inmheánach mar atá sainithe i gConradh CE.

9. Cabhair phoiblí ó fhoinsí náisiúnta, Comhphobail agus idirnáisiúnta chun tacú le hiarrachtaí na Liotuáine chun déileáil leis na hiarmhairtí a thig ó Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina a dhúnadh agus a dhíchoimisiúnú, féadfar a mheas, ar bhonn gach cás faoi leith, go bhfuil sí ag luí – faoi Chonradh CE – leis an margadh inmheánach, go háirithe cabhair phoiblí arna soláthar chun feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair leictreachais.

AIRTEAGAL 3

1. Á aithint dó gur de chineál fadtéarmach é an díchoimisiúnú ar Ghléasra Cumhachta Núicléiche Ignalina agus gur ualach eisceachtúil airgeadais é don Liotuáin nach bhfuil comhchuimseach lena toirt agus lena neart eacnamaíoch, déanfaidh an tAontas, i ndlúthpháirtíocht leis an Liotuáin, cúnamh Comhphobail breise leordhóthanach a sholáthar don iarracht chun díchoimisiúnú i ndiaidh 2006.

2. Chuige sin leanfar de Chlár Ignalina agus fadófar i ndiaidh 2006 é gan bhriseadh. Cinnfear forálacha cur chun feidhme do Chlár Ignalina i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 56 den Ionstraim Aontachais agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar a dhéanaí faoi cheann an dáta a rachaidh an Pheirspictíocht Airgeadais láithreach in éag.

3. Beidh Clár Ignalina, mar atá arna fhadú i gcomhréir le forálacha Airteagal 3(2) den Phrótacal seo, bunaithe ar na heilimintí agus na prionsabail chéanna mar atá tuairiscithe in Airteagal 2 den Phrótacal seo.

4. Do thréimhse na chéad Pheirspictíochtaí Airgeadais eile, beidh na meánleithreasaí foriomlána faoi Chlár Ignalina arna fhadú iomchuí. Beidh clárú na n-acmhainní sin bunaithe ar riachtanais iarbhír íocaíochta agus cumas iarbhír ionsú.

## AIRTEAGAL 4

Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 1, beidh feidhm ag an gclásal ginearálta cosanta dá dtagraítear in Airteagal 37 den Ionstraim Aontachais go dtí an 31 Nollaig 2012 má bhristear an soláthar fuinnimh sa Liotuáin.

# PRÓTACAL UIMH. 5
# MAIDIR LE hIDIRTHURAS DAOINE DE THALAMH
# IDIR RÉIGIÚN KALININGRAD AGUS
# CODANNA EILE DE CHÓNAIDHM NA RÚISE

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG FÉACHAINT DÓIBH do staid faoi leith réigiún Kaliningrad de chuid Chónaidhm na Rúise i gcomhthéacs mhéadú an Aontais,

AG AITHINT DÓIBH oibleagáidí agus ceanglais na Liotuáine i dtaca leis an acquis ag bunú limistéar saoirse, slándála agus ceartais,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH, go háirithe, go ndéanfaidh an Liotuáin acquis CE a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go hiomlán maidir leis an liosta de thríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus de na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh saor ón gceanglas sin mar aon le acquis CE maidir le formáid chomhionann do víosa amhail ón aontachas ar a dhéanaí,

AG AITHINT DÓIBH gur ceist a bhaineann leis an Aontas ina iomláine idirthuras daoine de thalamh idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise agus gur cóir déileáil leis amhlaidh agus nach cóir go leanfadh aon iarmhairt neamhfhabhrach uaidh don Liotuáin,

AG FÉACHAINT DÓIBH don chinneadh atá le glacadh ag an gComhairle rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a dhíchur tar éis di a fhíorú gur comhalladh na coinníollacha is gá chuige sin,

AGUS É A BHEITH DE RÚN DAINGEAN ACU cuidiú leis an Liotuáin na coinníollacha a chomhall a thúisce is féidir le haghaidh rannpháirteachais iomláin i limistéar Schengen gan teorainneacha inmheánacha,

TAR ÉIS COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:

## AIRTEAGAL 1

Ní chuirfidh rialacha agus socruithe an Chomhphobail maidir le hidirthuras daoine de thalamh idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise agus go háirithe Rialachán ón gComhairle ag bunú Doiciméad Idirthurais Éascaithe (DIE) sonrach, Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe (DIE) agus ag leasú na dTeagasc Coiteann Consalach agus an Lámhleabhair Choitinn iontu féin moill ar rannpháirteachas iomlán na Liotuáine in acquis Schengen, lena n-áirítear teorainneacha inmheánacha a dhíothú, ná ní bheidh siad ina gcosc air.

## AIRTEAGAL 2

Cuideoidh an Comhphobal leis an Liotuáin na rialacha agus socruithe maidir le hidirthuras daoine de thalamh idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise a chur chun feidhme ar mhaithe le rannpháirteachas iomlán na Liotuáine i limistéar Schengen a thúisce is féidir.

Cuideoidh an Comhphobal leis an Liotuáin idirthuras daoine idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise a bhainistiú agus, go háirithe, iompróidh sé aon chostais bhreise arna dtabhú trí na forálacha sonracha den acquis dá bhforáiltear i gcás idirthurais den sórt sin a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 3

Gan dochar do chearta flaitheasacha na Liotuáine, aon chinneadh breise maidir le hidirthuras daoine idir réigiún Kaliningrad agus codanna eile de Chónaidhm na Rúise, ní ghlacfaidh an Chomhairle é ach amháin tar éis aontachas na Liotuáine agus ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún.

# PRÓTACAL UIMH. 6
# MAIDIR LE hÁITEANNA CÓNAITHE TÁNAISTEACHA
# A FHÁIL I MÁLTA

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Agus aird á tabhairt ar an líon fíortheoranta d'áiteanna cónaithe i Málta agus an t-achar fíortheoranta talaimh atá ar fáil chun críocha foirgníochta nach féidir leo ach na bunriachtanais a chruthaíonn forbairt dhéimeagrafach na gcónaitheoirí láithreacha a fholú, féadfaidh Málta, ar bhonn neamhidirdhealaitheach, na rialacha a choimeád i bhfeidhm ar feadh cúig bliana ar a laghad atá arna leagan síos san Acht um Maoin Dhochorraithe (Fáil ag Neamhchónaitheoirí) (Caibidil 246) ar rialacha iad maidir le náisiúnaigh de na Ballstáit nach raibh cónaí orthu go dleathach i Málta ar feadh cúig bliana ar a laghad maidir le maoin dhochorraithe le haghaidh áiteanna cónaithe tánaisteacha d'fháil agus do choimeád.

Cuirfidh Málta nósanna imeachta um údarú i bhfeidhm chun maoin dhochorraithe a fháil chun críocha áiteanna cónaithe tánaisteacha i Málta a bheidh bunaithe ar chritéir atá poiblí, oibiachtúil, cobhsaí agus trédhearcach. Cuirfear na critéir sin i bhfeidhm ar dhóigh neamhidirdhealaitheach agus ní dhifreálfaidh siad idir náisiúnaigh Mhálta agus náisiúnaigh na mBallstát eile. Áiritheoidh Málta nach gcuirfear ar chor ar bith cóir níos sriantaí ar náisiúnach de Bhallstát ná ar náisiúnach tríú tír.

I gcás gur mó luach maoine amháin den sórt sin arna ceannach ag náisiúnach de Bhallstát ná na tairseacha dá bhforáiltear i reachtaíocht Mhálta, is é sin 30 000 lira Máltach le haghaidh árasán agus 20 000 lira Máltach le haghaidh aon chineál maoine seachas árasáin agus maoin a bhfuil tábhacht stairiúil aici, deonófar údarú. Féadfaidh Málta na tairseacha sin a choigeartú chun athruithe praghsanna ar mhargadh an eastáit réadaigh i Málta a léiriú.

PRÓTACAL UIMH. 7

MAIDIR LE GINMHILLEADH I MÁLTA

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA

TAR ÉIS COMHAONTÚ AR AN bhFORÁIL SEO A LEANAS:

Ní dhéanfaidh aon ní sa Chonradh ar an Aontas Eorpach ná sna Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach ná sna Conarthaí nó sna hIonstraimí ag leasú nó ag forlíonadh na gConarthaí sin difear do reachtaíocht náisiúnta a bhaineann le ginmhilleadh a chur i bhfeidhm ar chríoch Mhálta.

PRÓTACAL UIMH. 8

MAIDIR LE TIONSCAL CRUACH NA POLAINNE

A ATHSTRUCHTÚRÚ

1. D'ainneoin Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, measfar go bhfuil státchabhair arna deonú ag an bPolainn ar mhaithe le hathstruchtúrú do chodanna sonraithe de thionscal cruach na Polainne ag luí leis an gcómhargadh ar chuntar:

– go bhfuil an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 8(4) de Phrótacal 2 maidir le táirgí CEGC a ghabhann leis an gComhaontú Eorpach ag bunú comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Pholainn, den pháirt eile[1], fadaithe go dtí dáta an aontachais, agus;

– go cloítear i gcaitheamh na tréimhse 2002-2006 leis na téarmaí atá leagtha amach sa phlean um athstruchtúrú ar ar a bhonn a fadaíodh an Prótacal thuasluaite,

– go gcomhalltar na coinníollacha atá leagtha amach sa Phrótacal seo, agus

– nach n-íoctar aon státchabhair do thionscal cruach na Polainne tar éis dháta an aontachais.

2. Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2006 (dá ngairtear "deireadh na tréimhse athstruchtúraithe" anseo feasta) críochnófar athstruchtúrú earnáil chruach na Polainne, mar atá tuairiscithe i bpleananna leithleacha gnó na gcuideachtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn 1, agus i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha amach sa Phrótacal seo.

---

1 IO L 348, 31.12.1993, lch. 2.

3. Is cuideachtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 (dá ngairtear "cuideachtaí tairbhiúla" anseo feasta), agus iad siúd amháin, a bheidh cáilithe do státchabhair faoi chuimsiú cláir um athstruchtúrú cruach na Polainne.

4. Ní fhéadfaidh cuideachta thairbhiúil:

(a) i gcás cumaisc le cuideachtaí nach bhfuil áirithe in Iarscríbhinn 1, tairbhe na cabhrach arna deonú don chuideachta thairbhiúil a chur ar aghaidh;

(b) sócmhainní aon chuideachta nach bhfuil áirithe in Iarscríbhinn 1 a dhearbhaítear a bheith féimheach i rith na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2006 a ghabháil chuige;

5. Déanfar aon phríobháidiú iardain ar aon cheann de na cuideachtaí tairbhiúla a bhonn a urramaíonn an gá le trédhearcacht agus urramóidh sé na coinníollacha agus na prionsabail i dtaca le hinmharthanacht, státchabhracha agus laghdú cumais atá sainithe sa Phrótacal seo. Ní dheonófar aon státchabhair bhreise mar chuid de dhíol sócmhainní cuideachta nó sócmhainní.

6. Cinnfear an chabhair um athstruchtúrú iomlán arna deonú do na cuideachtaí tairbhiúla de réir na bhfírinnithe arna leagan amach i bplean um athstruchtúrú formheasta agus sna pleananna leithleacha gnó mar atá formheasta ag an gComhairle. Ar aon chuma, ní rachaidh an chabhair arna híoc sa tréimhse 1997-2003 ina hiomláine thar mhéid uasta PLN 3 387 070 000.

As an méid iomlán sin,

– i dtaca le Polskie Huty Stali (dá ngairtear "PHS" anseo feasta) ní rachaidh an chabhair um athstruchtúrú arna deonú cheana nó le deonú ó 1997 go deireadh 2003 thar PLN 3 387 070 000. Tá cabhair um athstruchtúrú PLN 62 360 000 faighte cheana ag PHS sa tréimhse 1997-2001; gheobhaidh sé cabhair um athstruchtúrú bhreise PLN 3 078 000 000 i 2002 agus 2003 (le híoc ina hiomláine i 2002 má dheonaítear fadú ar an tréimhse bhreise faoi Phrótacal 2 den Chomhaontú Eorpach faoi cheann dheireadh 2002 nó, ina mhalairt de chás, i 2003);

– i dtaca le Huta Andrzej S.A., Huta Bankowa Sp. z o.o., Huta Batory S.A., Huta Buczek S.A., Huta Lucchini Sp. z o.o., Huta Łabędy S.A., agus Huta Pokój S.A. (dá ngairtear "na cuideachtaí tairbhiúla eile" anseo feasta) ní rachaidh an chabhair um athstruchtúrú cruach arna deonú cheana nó le deonú ó 1997 go deireadh 2003 thar PLN 246 710 000. Tá cabhair um athstruchtúrú PLN 37 160 000 faighte cheana ag na cuideachtaí sin sa tréimhse 1997-2001; gheobhaidh siad cabhair um athstruchtúrú bhreise nach mó ná PLN 210 210 000 ag brath ar na ceanglais atá leagtha amach sa phlean um athstruchtúrú (lena n-áirítear PLN 182 170 000 i 2002 agus PLN 27 380 000 in 2003 má dheonaítear fadú ar an tréimhse bhreise faoi Phrótacal 2 den Chomhaontú Eorpach faoi cheann dheireadh 2002 nó, ina mhalairt de chás, PLN 210 210 000 i 2003);

Ní dheonóidh an Pholainn aon státchabhair bhreise do thionscal cruach na Polainne chun críocha athstruchtúraithe.

7. Is é 1 231 000 tona an glanlaghdú cumais atá le baint amach ag an bPolainn do tháirgí críochnaithe i rith na tréimhse 1997-2006. Áirítear sa mhéid foriomlán seo glanlaghduithe cumais de 715 000 tpy ar a laghad i dtáirgí teasrollta agus 716 000 tpy i dtáirgí fuar-rollta, mar aon le méadú 200 000 tpy ar a laghad de tháirgí críochnaithe eile.

Ní thomhasfar laghdú cumais ach amháin ar bhonn áiseanna táirgthe a dhúnadh go buan trí scriosadh fisiciúil ar dhóigh nach féidir na háiseanna a athchur i seirbhís. Ní cháileofar mar laghdú cumais cuideachta chruach do dhearbhú féimheachta.

Is laghduithe íosta agus iarbhír atá le baint amach na glanlaghduithe cumais atá léirithe in Iarscríbhinn 2 agus bunófar an t-amchlár chun é sin a dhéanamh ar bhonn phlean críochnaitheach na Polainne um athstruchtúrú agus pleananna leithleacha gnó faoin gComhaontú Eorpach, agus aird á tabhairt an an gcuspóir inmharthanacht na gcuideachtaí tairbhiúla a áirithiú faoi cheann an 31 Nollaig 2006.

8. Cuirfear chun feidhme an plean gnó don chuideachta thairbhiúil PHS. Ach go háirithe

(a) díreofar na hiarrachtaí um athstruchtúrú ar an méid seo a leanas;

- áiseanna táirgeachta PHS a atheagrú ar bhonn táirgí agus ag áirithiú eagrúchán cothrománach trí bhíthin feidhmeanna (ceannach, táirgeadh, díolachán),

- struchtúr aontaithe bainistíochta a bhunú i PHS chun gur féidir sineirgíochtaí a ghnóthú go hiomlán sa chomhdhlúthú,

– forbairt ar dhíriú straitéiseach PHS ó bheith dírithe ar tháirgeacht chun bheith dírithe ar mhargaíocht,

– feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht bhainistíochta gnó PHS agus rialú níos fearr ar dhíolacháin dhíreacha a áirithiú,

– athbhreithniú ag PHS, ar bhonn cúinsí fónota eacnamaíocha, ar straitéis cuideachtaí seachthairbheacha, agus, nuair is iomchuí, seirbhísí a athlánpháirtiú sa mháthairchuideachta,

– athbhreithniú ag PHS ar a mheascadh táirgí, agus laghdú á dhéanamh ar chumas iomarcach i ndáil le táirgí fada leathchríochnaithe agus gluaiseacht i gcoitinne go dtí margadh ar mó a bhreisluach,

– infheistíocht ag PHS d'fhonn cáilíocht níos airde a bhaint amach do tháirgí críochnaithe; aire speisialta a thabhairt do leibhéal cáilíochta 3-Sigma sa táirgeacht a bhaint amach ag suíomh PHS in Kraków faoi cheann an dáta arna leagan amach san amchlár don chlár chun PHS a athstruchtúrú a chur chun feidhme agus faoi cheann dheireadh 2006 ar a dhéanaí;

(b) coigilt ar chostais a uasmhéadú in PHS le linn na tréimhse um athstruchtúrú trí ghnóchain éifeachtachta fuinnimh, ceannach feabhsaithe agus trí thorthaí táirgiúlachta a áirithiú atá inchomórtais le leibhéil san Aontas Eorpach;

(c) cuirfear athsruchtúrú fostaíochta chun feidhme; faoi cheann an 31 Nollaig 2006, sroichfear leibhéil táirgeachta is inchomórtais leo siúd arna mbaint amach ag grúpaí táirgí tionscail chruach AE, ar bhonn figiúirí comhdhlúite lena n-áirítear fostaíocht indíreach sna cuideachtaí tairbhiúla i dtrácht;

(d) beidh aon phríobháidiú ar bhonn a urramaíonn an gá le trédhearcacht agus a urramaíonn go hiomlán luach tráchtála PHS. Ní dheonófar aon státchabhair bhreise mar chuid den díolachán.

9. Cuirfear chun feidhme an plean gnó do na cuideachtaí tairbhiúla eile. Ach go háirithe:

(a) i gcás na gcuideachtaí tairbhiúla eile go léir, díreofar na hiarrachtaí athstruchtúraithe ar an méid seo a leanas;

- forbairt ar dhíriú straitéiseach ó bheith dírithe ar tháirgeacht chun bheith dírithe ar mhargaíocht,

- feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht bhainistíocht gnó na gcuideachtaí agus rialú níos fearr ar dhíolacháin dhíreacha a áirithiú freisin,

- athbhreithniú, ar bhonn cúinsí fuaimeantúla eacnamaíocha, ar straitéis cuideachtaí seachthairbheacha, agus, nuair is iomchuí, seirbhísí a athlánpháirtiú sna mháthairchuideachtaí,

(b) i gcás Bankowa, an clár coigilte costas a chur chun feidhme;

(c) i gcás Huta Buczek, an tacaíocht airgeadais is gá a fháil ó chreidiúnaithe agus ó institiúidí logánta airgeadais agus an clár coigilte costas a chur chun feidhme, lena n-áirítear an costas infheistíochta a laghdú trí áiseanna táirgeachta atá ann a oiriúnú;

(d) i gcás Huta Łabędy, an clár coigilte costas a chur chun feidhme agus spleáchas ar an tionscal mianadóireachta a laghdú;

(e) i gcás Huta Pokój, caighdeáin idirnáisiúnta a bhaint amach sna fochuideachtaí, coigilt tomhaltais leictreachais a chur chun feidhme agus an infheistíocht arna beartú sa rannóg phróiseála agus foirgníochta a chur ar cheal;

(f) i gcás Huta Batory, teacht ar chomhaontú le creidiúnaithe agus institiúidí airgeadais maidir le fiacha a athsceidealú agus iasachtaí infheistíochta. Áiritheoidh an chuideachta freisin coigilt shubstaintiúil bhreise ar chostais atá bainteach le hathstruchtúrú fostaíochta agus torthaí níos fearr;

(g) i gcás Huta Andrzej, bonn cobhsaí a áirithiú dá fhorbairt trí chomhaontú a chaibidil idir iasachtóirí láithreacha na cuideachta, na creidiúnaithe fadtéarmacha, creidiúnaithe trádála agus institiúidí airgeadais. Ní foláir infheistíochtaí breise a dhéanamh sa mhuileann feadáin te mar aon le clár um laghdú foirne a chur chun feidhme.

(h) i gcás Huta L.W., infheistíochtaí a dhéanamh i ndáil le tionscadal na cuideachta maidir le muilte teasrollta, trealamh ardaithe agus stádas comhshaoil. Gnóthóidh an chuideachta sin leibhéil tháirgiúlachta níos airde trí athstruchtúrú foirne agus costais seirbhísí seachtracha a laghdú.

10. Ní foláir comhaontú ón gCoimisiún agus, nuair is iomchuí, ón gComhairle a bheith le haon athruithe iardain ar an bplean foriomlán um athstruchtúrú agus na pleananna leithleacha.

11. Cuirfear an t-athstruchtúrú chun feidhme faoi dhálaí lán-trédhearcachta agus ar bhonn phrionsabail fhónta gheilleagar an mhargaidh.

12. Déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle faireachán géar ar chur chun feidhme an athstruchtúraithe agus ar chomhall na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Phrótacal seo maidir le hinmharthanacht, státchabhair, laghduithe cumais roimh an aontachas agus ina dhiaidh, go dtí deireadh na tréimhse athstruchtúraithe, i gcomhréir le míreanna 13 go 18. Chuige seo cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chuig an gComhairle.

13. I dteannta le faireachán a dhéanamh ar státchabhair, déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle faireachán ar thagarmharcanna an athstruchtúraithe atá leagtha amach in Iarscríbhinn 3.

14. Áireofar ar an bhfaireachán meastóireacht neamhspleách a dhéanfar i 2003, 2004, 2005, agus 2006. Cuirfear triail inmharthanachta an Choimisiúin i bhfeidhm agus déanfar táirgiúlacht a thomhas mar chuid den mheastóireacht.

15. Comhoibreoidh an Pholainn go hiomlán leis na socruithe faireacháin go léir. Ach go háirithe:

– soláthróidh an Pholainn don Choimisiún tuarascálacha 6-mhíosúla ar athstruchtúrú na gcuideachtaí tairbhiúla tráth nach déanaí ná an 15 Márta agus an 15 Meán Fómhair gach bliain go dtí deireadh na tréimhse athstruchtúraithe,

– sroichfidh an chéad tuarascáil an Coimisiún faoi cheann an 15 Márta 2003 agus an tuarascáil dheireanach faoi cheann an 15 Márta 2007, mura gcinnfidh an Coimisiún a mhalairt,

– beidh sna tuarascálacha an fhaisnéis uile is gá chun faireachán a dhéanamh ar phróiséas an athstruchtúraithe, an státchabhair agus laghdú agus úsáid cumais agus tabharfar iontu go leor sonraí airgeadais chun gur féidir measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil na coinníollacha agus na ceanglais sa Phrótacal seo comhallta. Beidh sna tuarascálacha ar a laghad an fhaisnéis atá leagtha amach in Iarscríbhinn 4 agus forchoimeádann an Coimisiún an ceart an Iarscríbhinn sin a mhodhnú i gcomhréir lena thaithí le linn an phróisis faireacháin. I dteannta leis na tuarascálacha leithleacha gnó ar na cuideachtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn 1, beidh tuarascáil freisin ar staid fhoriomlán earnáil chruach na Polainne, lena n-áirítear forbairtí maicreacnamaíocha déanacha,

– ní foláir don Pholainn, fairis sin, gach faisnéis bhreise is gá don mheasúnacht neamhspleách dá bhforáiltear i mír 14 a sholáthar,

– cuirfidh an Pholainn iachall ar na cuideachtaí tairbhiúla gach sonra ábhartha a nochtadh a d'fhéadfaí a mheas, faoi chúinsí eile, mar shonraí rúnda. Agus tuairisc á tabhairt aige don Chomhairle, áiritheoidh an Coimisiún nach nochtfar faisnéis rúnda atá sonrach do chuideachta.

16. Féadfaidh an Coimisiún, tráth ar bith, a chinneadh sainordú a thabhairt do chomhairleoir neamhspleách chun torthaí an fhaireacháin a mheasúnú, aon taighde is gá a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt don Choimisiún agus don Chomhairle.

17. Má shuíonn an Coimisiún, ar bhonn an fhaireacháin, go bhfuil diallais shuntasacha ó na sónraí airgeadais ar a ndearnadh an measúnú inmharthanachta tar éis tarlú, féadfaidh sé a chur de cheangal ar an bPolainn bearta iomchuí a ghlacadh chun bearta um athstruchtúrú na gcuideachtaí tairbhiúla i dtrácht a athneartú nó a mhodhnú.

18. Má thaispeánann an faireachán:

(a) nach bhfuil na coinníollacha do na socruithe idirthréimhseacha sa Phrótacal seo comhallta, nó

(b) nach bhfuil na gealltanais arna ndéanamh faoi chuimsiú fhadú na tréimhse inar féidir leis an bPolainn tacaíocht stáit a dheonú go heisceachtúil chun a tionscal cruach a athstruchtúrú faoin gComhaontú Eorpach comhallta [1], nó

(c) go bhfuil an Pholainn, i gcaitheamh na tréimhse um athstruchtúrú, tar éis státchabhair neamh-chomhoiriúnach bhreise a dheonú don tionscal cruach agus go háirithe do na cuideachtaí tairbhiúla,

ní ghabhaidh éifeacht leis na socruithe idirthréimhseacha sa Phrótacal seo.

Glacfaidh an Coimisiún bearta iomchuí a chuireann de cheangal ar aon chuideachta i dtrácht aon chabhair arna deonú de shárú ar na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal seo a aisíoc.

---

[1] IO L 348, 31.12.1993, lch. 2.

**IARSCRÍBHINN 1**

CUIDEACHTAÍ A THAIRBHÍONN DE STÁTCHABHAIR
FAOI CHLÁR NA POLAINNE
UM ATHSTRUCHTÚRÚ CRUACH

"Polskie Huty Stali" S.A.
Katowice

Huta Andrzej S.A.
Zawadzkie

Huta Bankowa Sp. z o.o.
Dąbrowa Górnicza,

Huta Batory S.A.
Chorzów

Huta Buczek S.A.
Sosnowiec

Huta L.W. Sp. z o.o.
Warszawa

Huta Łabędy S.A.
Gliwice

Huta Pokój S.A.
Ruda Śląska.

**IARSCRÍBHINN 2**

AMCHLÁR NA LAGHDUITHE CUMAIS
(LAGHDUITHE AGUS MÉADUITHE)[1]

| Cuideachta | Áis | Athrú íosta cumais (tpy) | Dáta athraithe táirgeachta | Dáta an bhuandúnta |
|---|---|---|---|---|
| PHS | Muileann éadromghearrtha agus meánghearrtha, Świętochłowice | -340 000 | 1997 | 1997 |
| Łabędy | Muileann meánghearrtha | -90 000 | 2000 | 2000 |
| PHS | Líne ghalbhánúcháin Świętochłowice | +100 000 | 2000 | - |
| PHS | Muileann teorollta stialla Kraków | -700 000 | 31.12.2002 | 31.03.2005 |
| PHS | Muileann fuar-rollta stialla Świętochłowice | -36 000 | 31.12.2002 | 31.12.2005 |
| L.W. | Muileann cúng fuar-rollta stialla | -30 000 | 31.12.2002 | 31.12.2004 |
| Łabędy | Muileann meánghearrtha | -90 000 | 30.09.2003 | 30.09.2003 |
| Łabędy | Muileann plátaí uilíocha | -35 000 | 31.12.2003 | 31.12.2003 |
| Bankowa | Muileann meánghearrtha | -60 000 | 31.12.2004 | 31.12.2006 |
| PHS | Muileann sreangshlat, Sosnowiec | +200 000 | 01.01.2005 | - |

1 Ba chóir go mbeadh laghduithe cumais buan mar atá sainithe i gCinneadh 3010/91/CEGC ón gCoimisiún (IO L 286, 8.8.1986, lch. 20).

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| PHS | Líne bhrataithe leathán orgánach, Świętochłowice | +100 000 | 01.01.2005 | - |
| PHS | Muilte fuar-rollta stialla, Kraków (ceithre mhuileann ard chúlaithe & cúig mhuileann seasamhrollta) | -650 000 | 31.12.2005 | 31.12.2006 |
| PHS | Muileann teorollta, Kraków | +400 000 | 01.01.2006 | - |
| | Glanathruithe cumais | -1 231 000 | | |

**IARSCRÍBHINN 3**

TAGARMHARCANNA AN ATHSTRUCHTÚRAITHE AGUS FAIREACHÁN

1. Inmharthanacht

Agus aird a thabhairt ar na rialacha speisialta cuntasaíochta arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún, bainfidh gach cuideachta thairbhiúil amach olltoradh íosta bliantúil oibriúcháin ó láimhdeachas (10% do ghnóthais chruach neamh-iomlánaithe, 13,5% do mhuilte cruach iomlánaithe) agus toradh íosta 1,5% de láimhdeachas ar chaipiteal dílis tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2006. Fíorófar an méid sin sa mheastóireacht neamhspleách a dhéanfar go bliantúil idir 2003 agus 2006 dá bhforáiltear i mír 14 den Phrótacal.

2. Táirgiúlacht

Bainfear amach de réir a chéile faoi cheann an 31 Nollaig 2006 táirgiúlacht fhoriomlán atá bunaithe ar fhigiúirí comhdhlúite costas agus fostaíochta agus atá inchomparáide lena bhfuil bainte amach ag tionscal cruach AE. Fíorófar an méid sin sa mheastóireacht neamhspleách a dhéanfar go bliantúil idir 2003 agus 2006 agus dá bhforáiltear i mír 14 den Phrótacal.

3. Laghduithe ar chostais

Gabhaidh tábhacht faoi leith le laghduithe ar chostais mar cheann d'eochair-eilimintí na hinmharthanachta. Cuirfear chun feidhme go hiomlán iad i gcomhréir le pleananna gnó na gcuideachtaí tairbhiúla. Déanfar laghduithe ar chostais sa tréimhse um athstruchtúrú d'fhonn leibhéil chostas is inchomórtais le leibhéil chostais i dtionscal cruach AE a bhaint amach faoi cheann dheireadh na tréimhse um athstruchtúrú.

**IARSCRÍBHINN 4**

LIOSTA TÁSCACH NA gCEANGLAS FAISNÉISE

1. Éifeachtaí táirgeachta agus margaidh

   – táirgeacht mhíosúil agus réamhaisnéis táirgeachta do chruach amh, táirgí leathchríochnaithe agus críochnaithe de réir aicme agus de réir raoin táirgí freisin,

   – táirgí arna ndíol agus réamhaisnéis díolacháin don chuid eile den tréimhse um athstruchtúrú, lena n-áirítear toirteanna, praghsanna agus margaí; miondealú de réir raoin táirgí.

2. Infheistíochtaí

   – mionsonraí faoi infheistíochtaí arna ndéanamh,

   – dáta críochnaithe,

   – costais na hinfheistíochta, foinsí an airgeadais agus suim aon chabhrach gaolmhaire i dtreis,

– dáta íocaíochta cabhrach, más ann,

– mionsonraí infheistíochtaí arna bpleanáil.

3. Laghduithe ar an líon saothair

– líon agus amchlár caillteanas post,

– éabhlóid na fostaíochta sna cuideachtaí tairbhiúla (ag idirdhealú idir fostaíocht dhíreach agus fostaíocht indíreach),

– miondealú costas atá bainteach le fostaíocht agus conarthaí seirbhíse seachtraí.

4. Cumas (ag féachaint d'earnáil iomlán an chruach sa Pholainn)

– dáta nó dáta a bhfuil coinne leis a scoirtear de chumais a tháirgeadh arna sonrú i TUF (is eard é TUF an táirgeacht bhliantúil uasta féideartha is féidir a fháil faoi ghnáthdhálaí oibre) atá le dúnadh, agus tuairisc orthu,

– dáta (nó dáta a bhfuil coinne leis) a ndéantar díchóimeáil, mar atá sainithe i gCinneadh Uimh. 3010/91/CEGC maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag gnóthais chruach faoina n-infheistíochtaí[1], ar an bhfearas i dtrácht agus mionsonraí na díchóimeála,

---

[1] IO L 286, 16.10.1991, lch. 20.

– dáta (nó dáta a bhfuil coinne leis) a dtugtar isteach cumais nua agus tuairisc orthu,

– éabhlóid sa chumas iomlán cruach amh agus táirgí críochnaithe sa Pholainn.

5. Costas

– miondealú ar chostais agus a n-éabhlóid faoi seach san am atá thart agus sa todhchaí, go háirithe coigillt ar chostais fórsa saothair, tomhaltas fuinnimh, coigilt ar chostais amhábhar, gabhálais agus laghdú ar sheirbhísí seachtracha.

6. Feidhmíocht airgeadais

– éabhlóid eochairchóimheas airgeadais roghnaithe chun a áirithiú go ndéantar dul chun cinn i dtreo na hinmharthanachta (ní foláir na torthaí agus na cóimheasa airgeadais a sholáthar ar dhóigh a cheadaíonn comparáidí le plean um athstruchtúrú airgeadais na cuideachta agus ní foláir tástáil inmharthanachta an Choimisiúin a bheith iontu),

– leibhéal táillí airgeadais,

– mionsonraí agus amchlár cabhrach arna deonú,

– mionsonraí agus amchlár íoctha cabhrach arna deonú cheana,

– téarmaí agus coinníollacha aon iasachtaí nua (gan spleáchas don fhoinse),

– ráitis airgeaaid aran n-iniúchadh.

7. Príobháidiú

– an nós imeachta um phríobháidiú a úsáidtear,

– praghas díola, coinníollacha is infheidhme agus cóireáil dliteanas atá ann,

– fáltais díolacháin a dhiúscairt,

– dáta díolacháin,

– staid airgeadais na cuideachta tráth an díolacháin,

– luach na cuideachta/sócmhainní tráth an díola agus an modh luachála a úsáidtear.

8. Cuideachta nua nó gléasraí nua a chruthú a ionchorpraíonn síneadh cumais

- céannacht gach rannpháirtí ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí,
- foinsí a gcuid maoinithe chun an chuideachta nua nó na gléasraí nua a chruthú,
- téarmaí agus coinníollacha rannpháirtíocht na scairshealbhóirí príobháideacha agus poiblí,
- struchtúr bainistíochta na cuideachta nua.

9. Aon fhaisnéis bhreise a mheastar a bheith riachtanach don mheasúnachtú neamhspleách dá bhforáiltear i mír 14 den Phrótacal.

PRÓTACAL UIMH. 9

MAIDIR LE hAONAD 1 AGUS AONAD 2 DE GHLÉASRA CUMHACHTA NÚICLÉICHE BOHUNICE V1 SA TSLÓVAIC

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH gealltanais na Slóvaice Aonad 1 agus Aonad 2 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Bohunice V1 a dhúnadh faoi cheann 2006 agus faoi cheann 2008 faoi seach agus ag dearbhú dóibh fhonnmhaireacht an Aontais leanúint de chabhair airgeadais a sholáthar go dtí 2006 mar leanúint den chabhair réamhaontachais arna pleanáil faoi chlár Phare mar thacaíocht d'iarracht na Slóvaice chun díchoimisiúnú a dhéanamh,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an gá atá le forálacha cur chun feidhme a ghlacadh i dtaca leis an gcabhair Chomhphobail leanúnach,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

## AIRTEAGAL 1

Cuireann na tSlóvaic de cheangaltas uirthi féin Aonad 1 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Bohunice V1 a dhúnadh faoi cheann an 31 Nollaig 2006 agus Aonad 2 den ghléasra sin a dhúnadh faoi cheann an 31 Nollaig 2008 ar a dhéanaí agus na haonaid sin a dhíchoimisiúnú iardain.

AIRTEAGAL 2

1. Le linn na tréimhse 2004-2006, soláthróidh an Comhphobal cabhair airgeadais don tSlóvaic chun tacú lena hiarrachtaí chun Aonad 1 agus Aonad 2 de Ghléasra Cumhachta Núicléiche Bohunice V1 a dhíchoimisiúnú agus chun déileáil le hiarmhairtí a ndúnta agus a ndíchoimisiúnaithe (dá ngairtear "an Chabhair" anseo feasta).

2. Déanfar an Chabhair a chinneadh agus a chur chun feidhme – tar éis aontachas na Slóvaice leis an Aontas freisin – i gcomhréir leis na forálacha arna leagan síos i Rialachán (CEE) Uimh. 3096/89 ón gComhairle an 18 Nollaig 1989 maidir le cabhair eacnamaíoch do thíortha áirithe Lár agus Oirthear na hEorpa 3 [1] , mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 2500/2001 [2].

3. Don tréimhse 2004-2006, is é EUR 90 milliún méid na Cabhrach i leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí a ndéanfar ceangaltas ina leith i dtráinsí bliantúla cothroma.

4. Cuirfear an Chabhair, nó codanna di, ar fáil mar ranníocaíocht Chomhphobail don Chiste Idirnaísiúnta Tacaóchta um Dhíchoimisiúnú Bohunice, arna bhainisteoireacht ag an mBanc Eorpach Atógála agus Forbartha.

[1] IO L 375, 23.12.1989, lch. 11.
[2] IO L 342, 27.12.2001, lch. 1.

AIRTEAGAL 3

Aithníonn an tAontas Eorpach nach foláir do dhíchoimisiúnú Ghléasra Cumhachta Núicléiche Bohunice V1 leanúint tar éis na Peirspictochta Airgeadais láithrí agus gur ualach suntasach airgeadais don tSlóvaic an iarracht sin. Cuirfidh cinntí maidir le leanúint de chabhair EU sa réimse seo tar éis 2006 an staid sin san áireamh.

PRÓTACAL UIMH. 10

MAIDIR LEIS AN gCIPIR

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG ATHDHAINGNIÚ a ngealltanas do shocraíocht chuimsitheach ar fhadhb na Cipire, atá comhchuí le rúin ábhartha ó Chomhairle Shlándála na Náisiún Aontaithe, agus a dtacaíochta láidre d'iarrachtaí Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe chuige sin,

DE BHRÍ nach bhfuil socraíocht chuimsitheach den sórt sin ar fhadhb na Cipire aimsithe fós,

DE BHRÍ gur gá mar sin forálacha a leagan síos chun cur i bhfeidhm an acquis a fhionraí sna limistéir sin de Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú iarbhír iontu,

DE BHRÍ, má aimsítear réiteach ar fhadhb na Cipire, go ndéanfar an fhionraíocht sin a fhoirceannadh,

DE BHRÍ go bhfuil an tAontas Eorpach réidh glacadh le téarmaí aon socraíocht den sórt sin atá i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an AE fothaithe,

DE BHRÍ gur gá foráil a dhéanamh maidir leis na téarmaí faoina gcuirfear i bhfeidhm na forálacha ábhartha de dhlí AE ar an líne idir na limistéir thuasluaite agus na limistéir sin araon a bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú iarbhír iontu agus Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,

ÓS MIAN LEO saoránaigh uile na Cipire tairbhe a bhaint as aontachas na Cipire leis an Aontas Eorpach agus an tsíocháin agus an t-athmhuintearas sa phobal a chur ar aghaidh,

DE BHRÍ mar sin nach gcoiscfidh aon ní sa Phrótacal seo bearta a bhfuil an cuspóir sin acu,

DE BHRÍ nach ndéanfaidh bearta den sórt sin difear do chur i bhfeidhm an acquis faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa Chonradh Aontachais in aon chuid eile de Phoblacht na Cipire,

TAR ÉIS COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:

## AIRTEAGAL 1

1. Déanfar cur i bhfeidhm an acquis a fhionraí sna limistéir sin de Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú iarbhír iontu.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhí di d’aon toil ar bhonn togra ón gCoimisiún, a chinneadh an fhionraíocht dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt siar.

AIRTEAGAL 2

1. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar bhonn togra ón gCoimisiún, na téarmaí a shainiú faoina gcuirfear i bhfeidhm na forálacha de dhlí an AE ar an líne idir na limistéir sin dá dtagraítear in Airteagal 1 agus na limistéir a bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú iarbhír iontu.

2. An teorainn idir an Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach agus na limistéir sin dá dtagraítear in Airteagal 1, cuirfear cóir uirthi amhail is dá mbeadh sí ina cuid de na teorainneacha eachtracha den Limistéar Flaitheasach Bunáite Oirthearach chun críche Chuid IV den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir fad a mhaireann an fhionraíocht ar chur i bhfeidhm an acquis de réir Airteagal 1.

AIRTEAGAL 3

1. Ní choiscfidh aon ní sa Phrótacal seo bearta ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch na limistéar dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur ar aghaidh.

2. Ní dhéanfaidh bearta den sórt sin difear do chur i bhfeidhm an acquis faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa Chonradh Aontachais in aon chuid eile de Phoblacht na Cipire.

AIRTEAGAL 4

I gcás socraíochta, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar bhonn togra ón gCoimisiún, na hoiriúnuithe ar na téarmaí a bhaineann le haontachas na Cipire leis an Aontas Eorpach a chinneadh maidir le Comhphobal na gCipireach Turcach.